An Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Tourism and Employment

# An tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha 2023

## Tuarascáil Bhliantúil 2025





## Réamhrá an Aire

Is cúis áthais dom an chéad Tuarascáil Bhliantúil faoin Acht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha 2023 a chur i láthair. Soláthraíonn an Tuarascáil seo forléargas ar ghníomhaíochtaí na Roinne maidir le scagadh idirbheart a bhaineann le héadáil nó infheistíocht in earnálacha, teicneolaíochtaí nó sócmhainní straitéiseacha ag infheisteoirí eachtracha.

Tacaíonn Éire le cur chuige cothrom agus oscailte maidir le feabhas a chur ar iomaíochas na hÉireann agus an AE, bunaithe ar oscailteacht i leith trádála agus infheistíochta domhanda a choinneáil, chomh maith le slabhraí soláthair straitéiseacha athléimneacha. Tá níos mó feasachta ann, áfach, ar na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás ina n-imíonn infheistíochtaí ó thríú tíortha ó ord idirnáisiúnta iltaobhach agus bunaithe ar rialacha, chun leas a bhaint as giaráil pholaitiúil agus chun tosaíochtaí beartais eachtraigh a bhaint amach.

Faoin Acht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha 2023, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2025, tá an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Éire a ról mar bhall freagrach den phobal domhanda, agus go háirithe de Mhargadh Aonair an Aontais Eorpaigh, chun rioscaí den sórt sin a mhaolú a eascraíonn as infheistíocht fhéideartha ó thríú tíortha a d'fhéadfadh a bheith naimhdeach.

Cothromaíonn cur chuige na hÉireann maidir le scagadh infheistíochta ár Straitéis IDC atá bunaithe le fada le haird ar na dúshláin mhéadaitheacha a eascraíonn as infheistíochtaí a d'fhéadfadh a bheith naimhdeach.

Athdhearbhaíonn an Tuarascáil seo tiomantas na hÉireann lena chinntiú go bhfanann infheistíocht isteach ina príomhghné dár straitéis náisiúnta, agus ag an am céanna ag aithint agus ag freagairt do na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh eascairt as an gcineál sin infheistíochta.

Peter Burke, T.D.
An tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

# Clár ábhair

## Clár ábhair


Réamhrá an Aire ..... ii

Réamhrá ..... 2

ROINN 1: NUASHONRAITHE REACHTACHA AGUS RIARACHÁIN 2025 ..... 3

1.1. An tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha ..... 3

1.2. Tabhairt isteach an Chórais Scagtha Infheistíochta (IIS) ..... 3

1.3. Nuashonruithe AE ..... 4

ROINN 2: SONRAÍ SCAGTHA INFHEISTÍOCHTA ISTEACH 2025 ..... 5

2.1. Fógraí a Cuireadh Isteach faoin Acht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha ..... 5

2.1.1. Earnálacha a chinneann fógra éigeantach ..... 5

2.1.2. Fógraí a rinneadh ..... 6

2.1.3. Tíortha Tionscnaimh Infheisteoirí ó Thríú Tíortha ..... 7

2.2. Scagadh Lánroghnach ..... 8

ROINN 3: MEASÚNÚ IDIRBHEART ..... 9

3.1. Fógraí a Chur Isteach ..... 9

3.2. Idirbhearta a Scagadh ..... 9

ROINN 4: RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA ..... 12

ROINN 5: FÓGRAÍ FAOI RIALACHÁN SCAGTHA IDC ..... 13

# Réamhrá

In ainneoin na tionchair thar a bheith dearfach a bhaineann le hinfheistíocht eachtrach, tá aitheantas domhanda ann go bhféadfaí, i gcásanna áirithe, infheistíocht eachtrach a úsáid mar uirlis ag gníomhaithe naimhdeacha chun raon spriocanna a bhaint amach a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Stáit.

D'fhéadfadh na spriocanna sin a bheith san áireamh rochtain ar shócmhainní nó ar theicneolaíochtaí straitéiseacha agus íogaire a fháil, nó smacht orthu a fháil, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar ghníomhaíochtaí lárnacha an Stáit, nó a d'fhéadfadh spiaireacht a chumasú. Ar an dóigh chéanna, d'fhéadfadh infheistíocht a fhágann go n-onnmhairítear teicneolaíochtaí criticiúla, ceannródaíocha ar ais chuig tír dhúchais an infheisteora a bheith ina fíorbhagairt ar ár slándáil agus ar ord poiblí.

D'fhéadfadh rioscaí a bhaineann leis na spriocanna sin teacht chun cinn mar thoradh ar raon leathan fachtóirí – mar shampla, bunaithe ar fhoinse na hinfheistíochta, nó ar shaintréithe an pháirtí atá á fháil; ar fud raon leathan earnálacha atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn; agus trí chineálacha éagsúla idirbheart, beag beann ar a luach.

Soláthraíonn tabhairt isteach meicníocht scagtha infheistíochta uirlis luachmhar d'Éirinn chun na sócmhainní sin a chosaint ar ghníomhaithe naimhdeacha, agus cinntíonn sé go bhfanann Éire ina háit tharraingteach d'IDC agus, ag an am céanna, ina háit shábháilte agus fhreagrach chun gnó a dhéanamh.

Faoin Acht um Scagadh Idirbhearta Tríú Tíortha 2023, tá ar an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur i láthair do gach Teach den Oireachtas maidir le feidhmiú an Achta le linn na bliana roimhe sin.

Tháinig an tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha, 2023 i bhfeidhm ar an 6 Eanáir 2025. Is é príomhchuspóir an Achta slándáil náisiúnta agus ord poiblí na hÉireann a chosaint trí shásra foirmiúil a thabhairt isteach, den chéad uair, chun infheistíochtaí eachtracha áirithe (neamh-AE/LEE/Eilvéiseach) isteach sa Stát a scagadh.

Soláthraíonn an tuarascáil seo forléargas ar fheidhmiú an Achta ó tháinig sé i bhfeidhm ar an 6 Eanáir 2025 go deireadh a chéad bhliana feidhmiúcháin ar an 31 Nollaig 2025, agus leagtar amach inti líon na n-idirbheart infheistíochta isteach ar tugadh fógra fúthu, líon na n-idirbheart a ndearnadh scagadh foirmiúil orthu agus na cinntí a eisíodh.

Le haghaidh tuilleadh eolais a bhaineann leis an tuarascáil seo nó le hábhair scagtha infheistíochta isteach, déan teagmháil le investmentscreening@enterprise.gov.ie.

## ROINN 1: NUASHONRAITHE REACHTACHA AGUS RIARACHÁIN 2025

### 1.1. An tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha

Tháinig an tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha, 2023 i bhfeidhm ar an 6 Eanáir 2025. Chuir forbairt na reachtaíochta deis ar fáil sásra um scagadh a dhearadh agus a oiriúnú do riachtanais na hÉireann – cur chuige a chothromaíonn tarraingteacht leanúnach na hÉireann mar shuíomh d'infheistíocht isteach le sásra um scagadh láidir ach chomhréireach a chosnaíonn slándáil agus ord poiblí agus a neartaíonn cumas an Stáit freagairt do bhagairtí féideartha.

Cruthaíonn Rialachán AE 2019/452 sásra comhair inar féidir le Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach faisnéis a mhalartú agus imní shonrach a ardú maidir le hinfheistíocht eachtrach ar fhorais slándála nó ord poiblí. Is faoi na Ballstáit aonair atá aon chinneadh maidir le scagadh infheistíochtaí ó thríú tíortha.

Bunaíonn an tAcht sásra um scagadh d'infheistíochtaí ó thríú tíortha isteach in Éirinn den chéad uair agus cinntíonn sé freisin gur féidir le hÉirinn, a mhéid is féidir, a hoibleagáidí a chomhlíonadh mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/452.

Tá an tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha, 2023, struchtúrtha mar seo a leanas:

- **Cuid 1 –** Leagtar amach inti forálacha réamhchéime agus ginearálta an Achta, lena n-áirítear an ceanglas Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú.
- **Cuid 2** – Leagtar amach inti na ceanglais agus na próisis maidir le fógraíocht agus athbhreithniú idirbheart.
- **Cuid 3** – Leagtar amach inti na próisis agus na nósanna imeachta maidir le hachomhairc.
- **Cuid 4** – Leagtar amach inti bunú agus feidhmeanna an phainéil chomhairligh.

I rith 2025, dhírigh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta ar aistriú éasca chuig an gcreat reachtach nua. Cuireadh tionscnaimh for-rochtana agus treorach i gcrích chun eolas a roinnt le páirtithe leasmhara maidir lena bhfreagrachtaí faoin Acht.

### 1.2. Tabhairt isteach an Chórais Scagtha Infheistíochta (IIS)

De bhreis ar an reachtaíocht nua a thabhairt isteach, sheol an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta córas nua ar líne - an Córas Scagtha Infheistíochta Isteach (IIS) - ar an lá céanna ar cuireadh tús leis an Acht. Soláthraíonn an córas nua seo ardán atá éasca le húsáid agus éifeachtach chun fógraí infheistíochta isteach a chur isteach agus a bhainistiú.

## 1.3. Nuashonruithe AE

### Athbhreithniú ar Rialachán maidir le hInfheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) a Scagadh

Tá an rialachán reatha maidir le scagadh IDC i bhfeidhm ó Dheireadh Fómhair 2020 agus chruthaigh sé, den chéad uair, creat AE uile a chuireann ar chumas Ballstát agus an Coimisiún comhoibriú maidir le scagadh infheistíochtaí díreacha eachtracha ar dócha go ndéanfaidh siad difear do shlándáil nó d’ord poiblí.

Ó tugadh isteach é, tá méadú suntasach tagtha ar líon na mBallstát a bhfuil sásra náisiúnta um scagadh acu. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí fós ann i raon feidhme, tairseacha, amlínte agus nósanna imeachta, rud a chruthaíonn éiginnteacht d’infheisteoirí agus rioscaí féideartha don mhargadh inmheánach. Ina theannta sin, chuir dúshláin gheopholaitiúla agus theicneolaíocha atá ag athrú, lena n-áirítear bagairtí ar bhonneagar criticiúil, spleáchais slabhraí soláthair agus forbairt thapa teicneolaíochtaí dé-úsáide, béim ar an ngá le cur chuige an AE a nuashonrú.

Bhí athbhreithniú an rialacháin ar cheann de na tionscnaimh a fógraíodh i bpacáiste 2024 an Choimisiúin maidir le slándáil eacnamaíoch an AE a neartú.

I mí na Nollag 2025, tháinig Uachtaránacht na Comhairle agus ionadaithe Pharlaimint na hEorpa ar chomhaontú polaitiúil sealadach maidir le hathbhreithniú ar an rialachán maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche (IDC) a scagadh. Tá an comhaontú seo glactha go foirmiúil anois agus cuirfear na rialacha nua i bhfeidhm 18 mí tar éis don rialachán teacht i bhfeidhm.

Tá sé mar aidhm ag an gcreat nuashonraithe cumas an AE a neartú chun rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann ó infheistíochtaí eachtracha áirithe a shainaithint, a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu, agus ag an am céanna oscailteacht i leith trádála agus infheistíochta domhanda a chaomhnú. Leanfaidh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta de bheith ag plé leis an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an rialacháin nua nuair a fhoilseofar é.

# ROINN 2: SONRAÍ SCAGTHA INFHEISTÍOCHTA ISTEACH 2025

Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo an trédhearcacht is mó is féidir a sholáthar maidir le gníomhaíocht scagtha infheistíochta. Ag an am céanna, tuigeann an Roinn go bhfuil sé riachtanach íogaireacht tráchtála agus rúndacht na faisnéise roinnte a chuireann infheisteoirí ar fáil a chaomhnú. Dá bhrí sin, cuirtear sonraí maidir le scagadh infheistíochta i láthair i bhfoirm chomhiomlánaithe.

## 2.1. Fógraí a Cuireadh Isteach faoin Acht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha

Baineann fógra éigeantach le hinfheistíochtaí a chomhlíonann na critéir uile atá leagtha amach in Alt 9(1)(a)-(d) den Acht. Tá idirbheart infhógartha i gcás:

- 9(1)(a) má fhaigheann gnóthas ó thríú tír, nó duine atá bainteach le gnóthas den sórt sin, smacht ar shócmhainn nó ar ghnóthas sa Stát, nó má mhéadaíonn sé an céatadán scaireanna nó cearta vótála atá aige i ngnóthas sa Stát go dtí níos mó ná 25 faoin gcéad (nó ó níos lú ná 50 faoin gcéad go níos mó ná 50 faoin gcéad).

- 9(1)(b) má tá luach carnach an idirbhirt (agus idirbhearta gaolmhara eile idir na páirtithe) cothrom le nó níos mó ná €2,000,000 sna 12 mhí roimh dháta an idirbhirt.

- 9(1)(c) mura bhfuil smacht ag an ngnóthas céanna ar gach ceann de na páirtithe a bhfuil baint acu leis an idirbheart (i.e., athstruchtúrú inmheánach).

- 9(1)(d) má bhaineann an t-idirbheart le, nó má imríonn sé tionchar ar, cheann amháin nó níos mó de na nithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) -(e) de Rialachán AE 2019/452. Ag léiriú chuspóirí an Rialacháin AE, tiocfaidh rioscaí chun cinn den chuid is mó mar gheall ar ghníomhaíocht nó ar an earnáil ina bhfuil an sprioc ag feidhmiú, agus dá bhrí sin is ar sin a dhíríonn sásra um scagadh na hÉireann. Tá tuilleadh eolais ar gach ceann de na catagóirí (a)-(e) thíos.

### 2.1.1. Earnálacha a chinneann fógra éigeantach

Is é nádúr na gníomhaíochta atá á déanamh ag an sprioc ceann de na príomhchritéir a chinneann an gcaithfear fógra a thabhairt maidir le hidirbheart infheistíochta isteach. Go sonrach, tagann idirbhearta a bhaineann le, nó a imríonn tionchar ar, cheann amháin nó níos mó de na nithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) d’Airteagal 4(1) de Rialachán AE 2019/452 faoi raon feidhme na reachtaíochta:

(a) Bonneagar criticiúil, bíodh sé fisiciúil nó fíorúil, lena n-áirítear fuinneamh, iompar, uisce, sláinte, cumarsáid, na meáin, próiseáil nó stóráil sonraí, aeraspás, cosaint,

bonneagar toghcháin nó airgeadais, agus saoráidí íogaire, chomh maith le talamh agus eastát réadach atá ríthábhachtach d'úsáid an bhonneagair sin;

(b) Teicneolaíochtaí criticiúla agus míreanna dé-úsáide mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle, lena n-áirítear intleacht shaorga, róbataic, leathsheoltóirí, cibearshlándáil, aeraspás, cosaint, stóráil fuinnimh, teicneolaíochtaí candamacha agus núicléacha, chomh maith le nanaitheicneolaíochtaí agus biteicneolaíochtaí;

(c) Ionchur criticiúil a sholáthar, lena n-áirítear fuinneamh nó amhábhair, chomh maith le slándáil bia;

(d) Rochtain ar fhaisnéis íogair, lena n-áirítear sonraí pearsanta, nó an cumas chun smacht a bheith aige ar an bhfaisnéis sin; nó

(e) Saoirse agus iolrachas na meán.

### 2.1.2. Fógraí a rinneadh

In 2025, cuireadh isteach 102 fógra san iomlán faoi Alt 9 den Acht. Díobh sin, níor scagadh go foirmiúil 66 fógra mar gur cinneadh nár chomhlíon siad na critéir uile d'fhógra éigeantach, diúltaíodh d'fhógra amháin toisc gur measadh go raibh sé neamhiomlán, tharraing an fógróir fógra amháin siar, agus bhí 8 bhfógra fós faoi mheasúnú ag deireadh na bliana. Eisíodh Fógraí Scagtha i leith na 24 fógra eile, rud a d'eascair as imscrúdú mionsonraithe ar na hidirbhearta ábhartha.

As na 24 fógra ar eisíodh Fógra Scagtha ina leith agus inar rinneadh imscrúdú mionsonraithe, ceadaíodh 2 cheann díobh faoi réir coinníollacha. Sa dá chás, rinneadh amhlaidh chun a chinntiú go gcoinneofaí socruithe conarthacha a bhaineann le soláthar seirbhísí criticiúla ag an gcuideachta sprioc i bhfeidhm.

| Stádas na bhFógraí ag Deireadh na Bliana 31/12/2 | Líon na bhFógraí |
|---|---|
| Fógraí nach raibh scagadh ag teastáil ina leith | 66 |
| Fógraí Scagtha arna n-eisiúint | 26 |
| Fógraí faoi mheasúnú ag deireadh na bliana | 8 |
| Fógra arna tharraingt siar ag an bhFógróir | 1 |
| Fógra Neamhiomlán diúltaithe | 1 |
| **Líon Iomlán na bhFógraí a Fuarthas** | **102** |

As na hidirbhearta a chomhlíon na ceanglais fhógra éigeantach faoi Alt 9 den Acht agus ar eisíodh Fógra Scagtha ina leith, bhain gníomhaíochtaí na n-eintiteas sprioc ábhartha le bonneagar criticiúil, teicneolaíochtaí criticiúla agus míreanna dé-úsáide, soláthar ionchur criticiúil lena n-áirítear fuinneamh nó amhábhair, agus rochtain ar fhaisnéis íogair, nó bhí tionchar acu orthu.

| **Catagóirí Earnálacha inar eisíodh Fógra Scagtha** | **Líon na n-idirbheart** |
|---|---|
| Bonneagar Criticiúil | 18 |
| Teicneolaíochtaí criticiúla agus míreanna dé-úsáide | 4 |
| Soláthar ionchur criticiúil, lena n-áirítear fuinneamh agus amhábhair | 3 |
| Rochtain ar fhaisnéis íogair | 1 |
| **Líon Iomlán na nIdirbheart a Scagadh** | 26 |

Ag féachaint ar na hearnálacha ina ndearnadh infheistíocht a fhógairt faoin Acht, b'iad na cúig phríomhearnáil ná fuinneamh, teileachumarsáid, bonneagar digiteach, sláinte agus cógais.

| **Earnáil** | **Líon na n-idirbheart*** |
|---|---|
| Fuinneamh | 7 |
| Teileachumarsáid | 6 |
| TFC[1] | 6 |
| Sláinte | 4 |
| Cógais | 3 |

* *D'fhéadfadh go mbaineann idirbhearta aonair le níos mó ná earnáil amháin*.

### 2.1.3. Tíortha Tionscnaimh Infheisteoirí ó Thríú Tíortha

Tá an tAcht neodrach ó thaobh tíre de agus éilíonn sé fógra éigeantach a thabhairt a luaithe a chomhlíontar forálacha Alt 9 den Acht, beag beann ar an tír tríú páirtí atá i gceist san idirbheart. Clúdaíonn an tAcht infheistíocht dhíreach agus indíreach araon, agus de na 26 fógra a ndearnadh scagadh orthu, b'infheistíochtaí díreacha ó infheisteoirí tríú tír 23 cinn díobh agus b'infheistíochtaí indíreacha 3 cinn díobh.

[1] Seasann TFC do theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide. Cuimsíonn sé gníomhaíochtaí cuideachtaí a sholáthraíonn bonneagair agus uirlisí riachtanacha le haghaidh cruthú, comhroinnt agus scaipeadh eolais (mar shampla, ríomhchlárú, foilsiú bogearraí, próiseáil agus óstáil sonraí, agus gníomhaíochtaí teileachumarsáide gan sreang).

**Infheistíochtaí Díreacha:**

| Tír an Infheisteora Deiridh ó Thríú Tír | Líon na n-idirbheart |
|---|---|
| Na Stáit Aontaithe | 9 |
| An Ríocht Aontaithe | 8 |
| Na Stáit Aontaithe/An Ríocht Aontaithe | 2 |
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 2 |
| Monacó | 1 |
| An tSín | 1 |
| **Líon Iomlán na nInfheistíochtaí Díreacha a Scagadh** | **23** |

**Infheistíochtaí Indíreacha:**

| Tír an Infheisteora Deiridh ó Thríú Tír | Líon na n-idirbheart |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe | 2 |
| An tSeapáin | 1 |
| **Líon Iomlán na nInfheistíochtaí Indíreacha a Scagadh** | **3** |

## 2.2. Scagadh Lánroghnach

Faoi Alt 12 den Acht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha, 2023, tá cumhachtaí 'glao isteach' lánroghnacha ag an Aire chun scagadh a dhéanamh ar:

- idirbhearta ar cheart iad a bheith curtha in iúl faoi Alt 9 ach nár cuireadh in iúl, nó,
- idirbhearta nach gcomhlíonann na critéir éigeantacha fógra, ach ina bhfuil forais ag an Aire a chreidiúint go bhféadfadh rioscaí do shlándáil nó don ord poiblí teacht chun cinn mar thoradh ar an infheistíocht.

Níor scagadh aon idirbhearta faoi na forálacha sin in 2025.

## ROINN 3: MEASÚNÚ IDIRBHEART

Díríonn measúnú idirbheart infheistíochta isteach, a mhéid is féidir, ar shlándáil agus ord poiblí a chosaint ar ghníomhaithe naimhdeacha ó thríú tíortha atá ag iarraidh dochar a dhéanamh don tír trí úinéireacht ar ghnóthais agus ar shócmhainní íogaire, nó trí thionchar a imirt orthu.

### 3.1. Fógraí a Chur Isteach

Cuireann páirtithe fógraí isteach tríd an tairseach IIS (Scagadh Infheistíochta Isteach). Déanann an fhoirm fógra a úsáideann an Roinn aithris ar an bhfoirm a úsáideann an Coimisiún Eorpach chun malartú faisnéise idir Ballstáit a éascú.

Déantar gach fógra a fhaigheann an Roinn a mheas ar bhonn cás ar chás, ag cur san áireamh gníomhaíochtaí an ghnóthais nó na sócmhainne sprioc sa Stát agus an bhféadfadh cur isteach féideartha an bonn a bhaint de shlándáil nó d’ord poiblí, nó bagairt a chruthú dóibh, nó an bhféadfadh sé go mbeadh aistriú teicneolaíochta íogaire nó cearta maoine intleachtúla (IPR) ar ais chuig tír dhúchais an infheisteora mar thoradh air, i.e. cibé an gcomhlíonann an t-idirbheart na ceanglais maidir le fógra éigeantach.

### 3.2. Idirbhearta a Scagadh

Tar éis measúnú tosaigh, agus i gcás ina ndéantar cinneadh Fógra Scagtha a eisiúint, téann an Roinn i gcomhairle le baill ábhartha an phainéil chomhairligh a bunaíodh faoin Acht agus, i gcás inarb ábhartha, leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile. Féadfaidh an tAire dul i gcomhairle freisin le hAirí Rialtais eile nó le páirtithe ábhartha eile chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas athbhreithnithe.

Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a chur i gcrích agus, agus tuairimí na bpáirtithe ar tugadh comhairliúchán dóibh á gcur san áireamh, tá raon cinntí ar fáil don Aire. I gcás nach sainaithnítear aon imní, féadfaidh an t-idirbheart dul ar aghaidh gan aon idirghabháil bhreise. Mar sin féin, i gcás ina gcinntear go gcuireann idirbheart bagairt ar shlándáil nó ar ord poiblí, féadfaidh an tAire cead a thabhairt don idirbheart dul ar aghaidh faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Leagtar amach samplaí de na bearta maolaithe sin faoi Alt 18(4) den Acht. Mar mhalairt air sin, i gcás nach mbeadh bearta maolaithe leordhóthanach, féadfaidh an tAire an t-idirbheart a thoirmeasc. In 2025, cheadaigh an Roinn 2 idirbheart faoi réir bearta maolaithe.

Soláthraíonn an tAcht mionsonraí suntasacha maidir leis an bpróiseas fógraíochta, na hamlínte agus na freagrachtaí, agus an próiseas scagtha féin. Leagtar amach i bhFigiúr 1 thíos na hamlínte chun fógraí a mheasúnú agus a athbhreithniú.


# Figiúr 1: Amlínte don Phróiseas Scagtha




### 3.2.1. Amlíne chun Fógraí a Mheasúnú

Cé go ndéanann an tAonad Scagtha Infheistíochta iarracht measúnú tosaigh ar fhógraí a dhéanamh laistigh de 10 lá féilire, braitheann sé sin ar chastacht an fhógra agus/nó ar cibé an bhfuil tuilleadh faisnéise ag teastáil.

Dúnadh 92 idirbheart in 2025, 66 idirbheart nár eisíodh Fógra Scagtha ina leith agus 26 idirbheart inar eisíodh Fógra Scagtha agus inar cuireadh imscrúdú mionsonraithe i gcrích ina dhiaidh sin. B'é 9.76 lá an meán-am a thóg sé chun measúnú tosaigh a chur i gcrích, idir 0 agus 47 lá. Rinneadh measúnú ar thart ar dhá thrian de na fógraí, maidir le cibé acu ar chomhlíon siad na ceanglais chun Fógra Scagtha a eisiúint nó nár chomhlíon, laistigh de 10 lá féilire.




Cé go bhforáiltear in Alt 16(3) den Acht tréimhse reachtúil de 90 lá chun an próiseas scagtha a chur i gcrích, agus foráil ann an tréimhse sin a fhadú go 135 lá nuair is gá, de na 26 fógra a ndearnadh scagadh orthu b'é 40.5 lá an meán-am chun athbhreithniú scagtha a chur i gcrích, idir 27 agus 85 lá. Eisíodh cinntí scagtha laistigh de 40 lá féilire i thart ar dhá thrian de na cásanna.




Cé go raibh formhór na n-iarratas ar fhaisnéis le linn an dá chéim bainteach le gníomhaíochtaí na sprioc-chuideachta, áiríodh sna hiarratais freisin faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an infheisteora, custaiméirí agus/nó úsáideoirí deiridh, soláthraithe malartacha, íogaireacht sonraí, slándáil sonraí, comhlíonadh rialuithe onnmhairithe, rannpháirtíocht i gcláir agus i dtionscadail AE, struchtúir úinéireachta, sciar margaidh, airgeadas agus slabhraí dáileacháin/soláthair.

## ROINN 4: RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Roimh thús feidhme an Achta, d'fhoilsigh an Roinn an doiciméad Treoir Scagtha Infheistíochta Isteach do Pháirtithe Leasmhara agus d'Infheisteoirí chun páirtithe leasmhara, lena n-áirítear infheisteoirí eachtracha, gnólachtaí Éireannacha agus comhairleoirí, a chur ar an eolas faoi chuspóirí beartais agus tionchar oibríochtúil an chórais Scagtha Infheistíochta Isteach. Tá sé mar aidhm ag an Roinn an treoir seo a nuashonrú go rialta agus tá an leagan is déanaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

In 2025, bhí rannpháirtíocht fhairsing ag an Roinn le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, comhairleoirí dlí, infheisteoirí agus sprioc-chuideachtaí, eagraíochtaí gnó, an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit eile.

Chomh maith le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le fógraí infheistíochta eachtraí a cuireadh isteach chuig an Roinn, dhéileáil an Roinn le 31 fiosrú ginearálta a bhain le scagadh infheistíochta.

## ROINN 5: FÓGRAÍ FAOI RIALACHÁN SCAGTHA IDC

Soláthraíonn Rialachán an AE maidir le Scagadh IDC próiseas struchtúrtha chun infheistíochtaí díreacha eachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil nó ar ord poiblí ar fud an Aontais a athbhreithniú. Cé go gcoimeádann gach Ballstát údarás iomlán maidir le cibé acu an ndéanfar infheistíocht a athbhreithniú, a cheadú, a chur faoi choinníollacha, nó a thoirmeasc, bunaítear leis an Rialachán freisin sásra comhair foirmiúil chun tacú le cinnteoireacht níos eolaí agus níos comhordaithe.

Cuidíonn an sásra lena chinntiú go n-aithnítear go luath imní a bhaineann le Ballstáit iolracha nó le cláir ar leibhéal an AE, agus go gcuirtear san áireamh iad sa phróiseas measúnaithe. Cé go n-éascaíonn an córas comhroinnt faisnéise agus anailís riosca ar leibhéal an AE, is é an Ballstát ina dtarlaíonn an infheistíocht a dhéanann an cinneadh deiridh ar an idirbheart. Cothromaíonn an struchtúr seo cinnteoireacht náisiúnta le hinfheictheacht níos leithne ar fud an AE, rud a chuidíonn le timpeallacht infheistíochta oscailte a chothabháil agus leasanna straitéiseacha a chosaint.

In 2025, roinn an Roinn 23 fógra le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún Eorpach tríd an sásra comhair. Cé nár eisíodh aon bharúlacha ná tuairimí oifigiúla i leith na n-idirbheart ar tugadh fógra fúthu, fuarthas dhá iarraidh ar fhaisnéis bhreise ón gCoimisiún agus fuarthas trí iarraidh ó Bhallstáit eile.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar 74 fógra a roinn Ballstáit eile tríd an sásra comhair i gcás ina raibh gné Éireannach ag baint leis an idirbheart, mar shampla, i gcás ina raibh fochuideachta in Éirinn ag an sprioc-chuideachta sa Bhallstát sin nó ina ndearna sí gnó substaintiúil in Éirinn. D'iarr an Roinn faisnéis bhreise in 2 cheann de na cásanna sin ach níor eisigh sí aon bharúlacha foirmiúla chuig Ballstáit eile.